AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2024
COM(2024) 427 final

ANNEX 3

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil Bhliantúil ar oibríochtaí an Aontais Eorpaigh um chabhair dhaonnúil a maoiníodh in 2023

Iarscríbhinn III: Measúnú seachtrach ar chabhair dhaonnúil

Tá seirbhísí meastóireachta an Choimisiúin freagrach as an bhfeidhm mheastóireachta a stiúradh, a chomhordú, as faireachán a dhéanamh uirthi agus as í a thuairisciú. Soláthraíonn siad torthaí meastóireachta tráthúla, ardcháilíochta chun fianaise a áirithiú le haghaidh cinnteoireacht eolasach agus le haghaidh cuntasachta. Féadtar na meastóireachtaí a dhéanamh ar bhonn geografach nó téamach, nó féadtar iad a bheith dírithe ar chomhpháirtíocht shonrach.

In 2023, rinne AS ECHO na meastóireachtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Meastóireacht ar fhreagairt AS ECHO ar Ghéarchéim Réigiúnach Veiniséala, 2017-2021
- Meastóireacht ar Chomhpháirtíocht AS ECHO le UNHCR, 2017-2021
- Meastóireacht ar an Lóistíocht Dhaonnúil in Oibríochtaí an Choimisiúin Eorpaigh um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta 2018-2022
- Meastóireacht ar an bpacáiste soghluaisteachta laistigh d'athghníomhachtú na hionstraime tacaíochta éigeandála 2020-2022
- Meastóireacht ar Chomhpháirtíocht AS ECHO leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) 2018-2022

In Eanáir 2024, bhí meastóireachtaí ar siúl le haghaidh na réimsí seo a leanas:

- Meastóireacht chuimsitheach ar Chabhair Dhaonnúil an Choimisiúin Eorpaigh, 2017-2022.
- Meastóireacht ar idirghabhálacha daonnúla an Aontais Eorpaigh san Afraic Láir 2019-2023
- Meastóireacht ar Chomhpháirtíocht AS ECHO le UNICEF 2019-2023